**Cibeles**

Is cuma
cén comóradh
ar chuimhne cine,
ar phár nó clár,
i marmar iarainn nó ór,
i gcloch nó cré,
dár chruthaigh duine,
níl tada
i bhfís ná súl,
sa tocht,
i gceartlár an chroí,
nó fiú san íomhá
ón anam-aigne,
a ghintear
ag aon chrut fós
díobh siúd thuas,
ó láimh an tsaoir
is oilte fiú,
atá chomh foirfe
le fíor uisce,
ina scaird
go glé
ag sileadh
'ṡ ag sioscadh,
go réidh
gan stró.
Sin scoth chomóradh
'ṡ ceart cheiliúradh,
in omós
do aon chuimhne
ar chóir a choinneáil
beo go buan,
i measc daoine
mar rachadh sé
go domhain 'ṡ go smior
i dtaisce
i dtobar triarach
ár gcéadfaí

**Seán Ó Coistealbha**